
# Scéim na mBéilí Teo




Eochairfhocail: lónadóireacht, cothú, caighdeán, suarach

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Céard atá á rá ag lucht bunscoile Chorca Duibhne?
2. Cén dream a d'fhoilsigh suirbhé faoi scéim na mbéilte teo inniu?
3. Céard a dúirt 3 as gach 4 a ghlac páirt sa suirbhé faoin scéim?
4. Cén dá rud nach raibh tuismitheoirí sásta leo de réir an tsuirbhé?
5. Céard a deir Mairéad Ní Mhocháin faoi chaighdeán an bhia i gColáiste Cholmchille?
6. Cén táille a íoctar leis na lónadóirí?
7. Céard a deir úinéir an chomhlachta, Patrick Mac Donnacha faoin scéim?
8. Céard í an fhadhb is mó atá ag Príomhoide Scoil an Fheirtéaraigh, Corca Dhuibhne leis an scéim?
9. Cén fáth a bhfuil frustrachas ar an bPríomhoide? i
10. Ó bheith ag breathnú ar an mír nuachta sin, an dóigh leat gur scéim mhaith í Scéim na mBéilí Teo? Déan do thuairim a roinnt agus a phlé le do pháirtí ranga.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Anois, féach ar an mbiachlár thíos. Is biachlár ó bhialann cháiliúil i mBaile Átha Cliath é.**

Bialann Blasta Bhaile Átha Cliath

3 Sráid Thobair Phádraig, BÁC

De hAoine 20 Márta 2026

Roghnaigh ceann amháin ón liosta seo do gach chúrsa ar €50

**Túischúrsa**

· Sailéad sicín le hanlann trátaí
· Anraith glasraí le harán baile agus im úr
· Cáis ghabhair le cnónna
· Cloichíní úire ón bhfarraige frioctha le sailéad

**Príomhbhéile**

· Iasc le glasraí úra ó ngairdín
· Liamhás le prátaí agus le cabáiste
· Buirgéar le sceallóga baile agus sailéad
· Báca Pasta na Rómha
· Píotsa le trí shaghas cáise
· Stéig le sceallóga agus onnúin

**Milseog**

· Uachtar reoite le hanlann sheacláide
· Cáca liomóide le huachtar
· Donnóg le huachtar reoite
· Trinsiúr de cháis nah Éireann

**Deochanna**

· Fíon an tí (geal agus dearg)
· Beoir na Gearmáine
· Uisce
· Bainne úr
· Sú oráis

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Anois, le do pháirtí ranga aimsigh deich mbotún sa bhiachlár agus tabhair an leagan ceartaithe.**

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________
6. ______________________________
7. ______________________________
8. ______________________________
9. ______________________________
10. ______________________________

## Idirghníomhaíocht Labhartha

**Pléigh an turas is déanaí a bhí agat go bialann le do pháirtí ranga. Seo cúpla ceist le cuidiú libh agus sibh i mbun comhrá.**

· Cén áit a raibh an bhialann?
· An raibh ócáid speisialta á ceiliúradh agat?
· Céard a d’ordaigh tú?
· Céard a d’ól tú?
· Ar thaitin an béile leat?
· An raibh freastal maith déanta ort?
· Cé a bhí in éineacht leat?
· Cad a d’ith siad?
· Cé a d’íoc as an mbéile?
· Cén costas a bhí air?
· An rachfá ar ais go dtí an bhialann sin? Cén fáth?

## Freagraí

1. Nach bhfuil sé fíor go bhfuil teacht ag gach bunscoil ar an scéim
2. Fine Gael
3. Nár thaitin éagsúlacht an bhia a cuireadh ar fáil dóibh
4. Bhí siad míshásta leis an gcaoi a bhfuil an bia curtha ar fáil agus tá siad míshásta le cothú an bhia.
5. Go bhfuil seirbhís den scoth á cur ar fáil ag Lónadóireacht Chonamara do na gasúir.
6. €2.50 in aghaidh an ghasúir
7. Nach leor an táille atá á fáil aige do chaighdeán an bhia atá sé ag solathar do na scoileanna agus nach féidir leis sin leanúint ar aghaidh.
8. Tá an t-airgead acu an scéim a chur ar fáil ach níl siad in ann teacht ar aon chomhlacht a dhéanfaidh an bia do na gasúir.
9. Is Príomhoide Teagaisc í agus tá sí tar éis a lán ama a chur amú ag iarraidh an scéim a chur i bhfeidhm.

1. bialann Bhlasta
2. Dé hAoine
3. gach cúrsa
4. túschúrsa
5. cloichíní úra
6. ón ngairdín
7. Pasta na Róimhe
8. le hanlann seacláide
9. na hÉireann
10. sú oráiste